An Brat Dearg

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na duaiseanna éagsúla a bronnadh ar chláracha agus scannáin Ghaeilge. Déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge a fháil do na focail/na téarmaí seo thíos.

work _____

big stars (celebrities) _____

Powerfully _____

a lack of _____

the stage _____

supporting role _____

in the middle of it all _____

in competition with _____

achieve _____

personality of the year _____

recognition _____

Iarr ar an teagascóir cuidiú libh focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh a fháil.

Ceist 2 Déan plé leis an duine in aice leat faoin mhéid atá ar eolas agat faoi na gradaim a bronnadh, Gradam Scannánaíochta agus Teilifíse na hÉireann a craoladh oíche Dé Domhnaigh.

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin, pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén duais a fuair na cláracha seo a leanas:

   Tall, Dark and Ó hAilpín
   Aifric
   Skunk Fu
   Kings
   Running Mate
   Garage

2. Cén t-eolas atá againn faoi na daoine seo:

Micheál Ó Meallaigh
Kathryn Thomas
Mel Gibson

Ceist 4 '*do dhaoine'*

Cén fáth a bhfuil séimhiú sna cásanna seo thíos? Pléigh leis an duine in aice leat!

- oíche mhaith
- do chláracha
- scannáin Ghaeilge

An féidir libh samplaí eile a thabhairt do na gnéithe gramadaí thuas?

Ceist 5 An féidir leat féin agus an duine in aice leat smaoineamh ar na cineálacha cláracha éagsúla a bhíonn le feiceáil ar an teilifís? Tá cúpla ceann déanta duit!

Clár spóirt
Clár faisnéise. . .

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhféachann tú ar an teilifís?
An maith leat dul go dtí an phictiúrlann, cad é an scannán is deireanaí a chonaic tú?
Cén réalta scáileáin ar mhaith leat casadh leis/léi, cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

work	**saothar**
big stars (celebrities)	**réaltaí móra**
powerfully	**go tréan**
a lack of	**easpa**
the stage	**an t-ardán**
supporting role	**ról tánaisteach**
in the middle of it all	**i lár an aonaigh**
in competition with	**in iomaíocht le**
achieve	**rud a bhaint amach**
personality of the year	**pearsantacht na bliana**
recognition	**aitheantas**

Ceist 2
Achoimre ghairid ar an tuairisc atá i gceist anseo, seans atá ann do na foghlaimeoirí an *gist* ginearálta a fháil.

Ceist 3
1. *Tall Dark and Ó hAilpín:* An clár spóirt is fearr.
Aifric: An clár is fearr do dhaoine óga.
Skunk Fu: An clár beochana is fearr.
Kings: Fuair an scannán cúig ghradam ar fad, gradam tugtha do Brendan Conroy as an ról tánaisteach is fearr.
Running Mate: Fuair sé duais do dhráma na hócáide.
Garage: Fuair an scannán seo gradaim éagsúla, ba é scannán na hoíche.

2. **Mícheál Ó Meallaigh**
Is bainisteoir Rannóg na gClár é do TG4 agus dúirt sé gur léirigh na gradaim a bronnadh go raibh cláracha Gaeilge anois in iomaíocht le cláracha Béarla agus gur féidir duaiseanna a bhaint amach.
Kathryn Thomas
Fuair Kathryn Thomas ó RTÉ pearsantacht na bliana.
Mel Gibson
Tugadh aitheantas do Mel Gibson a rinne iarracht cúpla focal Gaeilge a chur i dteannta a chéile.

Ceist 4

- oíche <u>mh</u>aith
Cuirtear séimhiú ar aidiacht nuair a thagann an aidiacht i ndiaidh ainmfhocail Bhaininscnigh. Samplaí eile: bean mhór, fuinneog shalach, ceist chasta

- do <u>ch</u>láracha
Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh cuid de na réamhfhocail shimplí. Samplaí:

ar*, de, do, faoi, gan, mar, ó, roimh, thar, trí agus um**
Cuirtear séimhiú ar na hainmfhocail a leanann na réamhfhocail seo. * ar pinsean/ ar bord/ ar ball/ ar meisce - ní chuirtear séimhiú ar an ainmfhocal anseo mar gur aonad amháin atá ann. ** Bíonn séimhiú ann de ghnáth ach má thosaíonn an t-ainmfhocal ina dhiaidh le ***t,d,f,s*** nó má bhíonn aidiacht nó fochlásal leis. Mar shampla: gan fearg nó gan pingin rua

- scannáin Ghaeilge
Cuirtear séimhiú ar an fhocal a leanann ainmfhocal a chríochnaíonn le consan caol san uimhir iolra. Samplaí: fir mhóra, teaghlaigh Fhrancacha, focail Bhéarla

Ceist 5
Clár spóirt
Clár faisnéise
Clár cúrsaí reatha
Sobalchlár
Clár nádúir
Tráth na gceist
Clár grinn
Clár réaltachta
Clár cócaireachta

Ceist 6
Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Maolra Mac Donnchadha
Anois, b'fhéidir, tháinig siad anall as Hollywood fiú aréir go dtí an *Gaiety* i mBaile Átha Cliath go hócáid bhronnta Ghradam Scannánaíochta agus Teilifíse na hÉireann. Bhí saothar i nGaeilge i measc an mhéid a fuair moladh mar a inseoidh Catherine Ní Ghuairim dúinn.

Catherine Ní Ghuairim
Bhí réaltaí móra an scáileáin go tréan ar an mbrat dearg aréir don chúigiú duais bhronnadh Scannánaíochta agus Teilifíse anseo in Éirinn. Ar ndóigh ní raibh aon easpa gúnaí galánta agus bhí féasta ag lucht ceamaraí.

Ba oíche mhaith a bhí inti do chláracha agus do scannáin Ghaeilge. D'éirigh le comhlacht *Telegael* as an Spidéal i gConamara dul go dtí an t-ardán trí huaire aréir. Fuair *Tall Dark and O'hAlipín* a craoladh ar RTÉ an glaoch don chlár spóirt ab fhearr. Roghnaíodh clár TG4 *Aifric* mar an clár is fearr do dhaoine óga chomh maith le *Skunk Fu* a fuair gradam an chláir bheochana.

Thug ocht gclár ar fad le TG4 duaiseanna abhaile a bhuíochas sin don scannán *Kings* a fuair cúig ghradam, ceann acu sin do Brendan Conroy, an t-aisteoir ab fhearr i ról tánaisteach. Ba é *Running Mate* TG4 a fuair duais – dráma na hócáide.

Mícheál Ó Meallaigh, bainisteoir Rannóg na gClár, TG4
Is dócha go léiríonn sé an rud a bhí uainn an chéad lá riamh, go raibh muid i lár an aonaigh, agus go bhfuil rudaí *á ndéanamh againne atá ar an gcaighdeán céanna is atá **á ndéanamh i mBéarla, agus go bhfuil muid in ann dul in iomaíocht leis na cláracha Béarla agus tá mé sásta, agus in ann duaiseanna a bhaint amach.

Ba é *Garage* scannán mór na hoíche ag tabhairt leis gradaim éagsúla, fuair Kathryn Thomas ó RTÉ pearsantacht na bliana agus tugadh aitheantas do Mel Gibson a rinne iarracht cúpla focal Gaeilge a chur i dteannta a chéile.

Mel Gibson
'I'll try a little Gaelic here ok, 'cos I hear everyone saying it tonight – could you feel me up Margaret? Is that it?

Catherine Ní Ghuairim, Nuacht TG4.

* *á dhéanamh* a deirtear
** *á dhéanamh* a deirtear